Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8525/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0116(BUD)**

**FIN 338**
**SOC 254**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Bealtaine 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 227 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh tar éis iarratas ón bhFionlainn – EGF/2020/007 FI/Finnair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 227 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 227 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.5.2021
COM(2021) 227 final

2021/116 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh tar éis iarratas ón bhFionlainn – EGF/2020/007 FI/Finnair**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Leagtar síos na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) i Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[1] ('an Rialachán maidir le CED')[2].
2. An 30 Nollaig 2020, chuir an Fhionlainn iarratas EGF/2020/007 FI/Finnair isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí[3] in Finnair Oyj agus fochonraitheoir[4] amháin san Fhionlainn.
3. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig sé ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme sa Rialachán maidir le CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

## ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2020/007 FI/Finnair |
| Ballstát | an Fhionlainn |
| An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (leibhéal 2 NUTS[5]) | Helsinki-Uusimaa (FI1B) |
| An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach | 30 Nollaig 2020 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas | 30 Nollaig 2020 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | 13 Eanáir 2021 |
| An spriocdháta leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar | 24 Feabhra 2021 |
| An spriocdháta leis an measúnú a chur i gcrích | 19 Bealtaine 2021 |
| An critéar idirghabhála | Airteagal 4(1)(b) den Rialachán maidir le CED |
| An príomhfhiontar | Finnair Oyj |
| An líon fiontar lena mbaineann | 1 |
| An earnáil/na hearnálacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[6] | Rannán 51 (Aeriompar) |

1 IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.
2 Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir le gach iarratas a fhaightear faoin 31 Nollaig 2020.
3 De réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le CED.
4 Hub Logistics Finland Oy atá lonnaithe i réigiún Helsinki-Uusimaa.
5 Rialachán (AE) Uimh. 1046/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú a mhéid a bhaineann le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua (IO L 310, 9.11.2012, lch. 34).

| | |
|---|---|
| An líon fochuideachtaí, soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha | 1 |
| An tréimhse thagartha (ceithre mhí): | 25 Lúnasa 2020 – 25 Nollaig 2020 |
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*) | 508 |
| An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (b) | 0 |
| An líon iomlán iomarcaíochtaí (*a* + *b*) | 508 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 508 |
| An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 500 |
| An líon daoine óga ar a bhfuiltear ag díriú nach bhfuil fostaithe, in oideachas nó faoi oiliúint (NEETanna) | 0 |
| An buiséad le haghaidh seirbhísí pearsantaithe (EUR) | 2 730 600 |
| An buiséad le haghaidh CED[7] a chur chun feidhme (EUR) | 190 000 |
| Buiséad iomlán (EUR) | 2 920 600 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR) | 1 752 360 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 30 Nollaig 2020, chuir an Fhionlainn iarratas EGF/2020/007 FI/Finnair isteach, i.e. laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED. Dheimhnigh an Coimisiún an dáta céanna go bhfuarthas an t-iarratas agus d'iarr sé faisnéis bhreise ar an bhFionlainn an 13 Eanáir 2021. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de shé seachtaine ón tráth a iarradh í. An sprioc-am 12 sheachtain ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún críoch a chur leis an measúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh leis an iarratas, rachaidh sé in éag an 19 Bealtaine 2021.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 508 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht in Finnair Oyj agus i bhfochonraitheoir amháin. Oibríonn Finnair san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi Rannán 51 NACE Athbhreithniú 2 (Aeriompar). Na hiomarcaíochtaí a rinne na fiontair, rinneadh iad i réigiún Helsinki-Uusimaa (FI1B), atá ar leibhéal 2 NUTS.

---

[6] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

[7] I gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 1309/2013.

| Na fiontair agus an líon daoine a dífhostaíodh | |
|---|---|
| Finnair | 504 |
| Hub Logistics Finland Oy | 4 |
| **Líon iomlán na bhfiontar: 2** | **Líon iomlán daoine a dífhostaíodh: 508** |

*Critéir idirghabhála*

6. Chuir an Fhionlainn an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear go gcuirfí ar a laghad 500 oibrí ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha ceithre mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.

7. Maireann an tréimhse thagartha naoi mí le haghaidh an iarratais ó Dé hAoine an 25 Lúnasa 2020 go dtí Dé Sathairn an 25 Nollaig 2020.

8. Is iad seo a leanas na hiomarcaíochtaí a tháinig chun cinn le linn na tréimhse tagartha:

– 504 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht in Finnair

– 4 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht i bhfochonraitheoir Finnair

*Iomarcaíochtaí agus scor na ngníomhaíochtaí a ríomh*

9. Rinneadh na hiomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha a ríomh mar seo a leanas:

– 504 dhuine ón dáta a thug an fostóir, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 98/59/CE[8] ón gComhairle, fógra i scríbhinn don údarás poiblí inniúil faoi na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta. Sular chuir an Coimisiún an measúnú i gcrích, dheimhnigh an Fhionlainn go ndearnadh na 504 iomarcaíocht sin dáiríre.

– 4 n-oibrí ó dháta fhógra aonair an fhostóra go raibh sé chun an t-oibrí a leagan as nó chun conradh fostaíochta an oibrí a fhoirceannadh.

*Tairbhithe incháilithe*

10. Dá bhrí sin, is é 508 nduine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*Nasc idir na hiomarcaíochtaí agus géarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch*

11. An 11 Márta 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) paindéim dhomhanda COVID-19. An 27 Bealtaine 2020, ina theachtaireacht dar teideal 'Buiséad an Aontais Eorpaigh (AE): ag cumhachtú an Phlean Téarnaimh don Eoraip'[9], d'fhógair an Coimisiún Eorpach gur eascair géarchéim eacnamaíoch as an ngéarchéim sláinte, agus leag sé amach plean téarnaimh le haghaidh an gheilleagair. Sa phlean sin, cuireadh san áireamh ról CED mar uirlis éigeandála chun cabhrú le daoine a chaill a bpost de dheasca na géarchéime eacnamaíche domhanda.

8 Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16).

9 COM(2020) 442 final.


12. Ba í an phaindéim ba chúis leis an gcúlú is doimhne i stair an Aontais. De réir 'Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa - Geimhreadh 2021' ón gCoimisiún[10], tháinig crapadh thart ar 6,3 % ar OTI an Aontais in 2020, agus tuaradh go dtiocfadh méadú 3,7 % air in athuair in 2021 agus 3,9 % in 2022.

13. Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar thionscal na heitlíochta i ngeall ar shrianta taistil agus i ngeall ar mheath suntasach ar aeriompar paisinéirí. Leis an titim ar líon na bpaisinéirí, tháinig laghdú mór ar ioncam na n-aerlínte agus bhí ar chuid mhaith acu fostaithe a leagan as nó dócmhainneacht a dhearbhú. In mí Aibreáin 2020, tháinig laghdú 98,9 % ar thrácht idirnáisiúnta paisinéirí i gcomparáid le mí Aibreáin 2019 agus cuireadh 64 % de na haerárthaí domhanda i stóráil. Ba é sin an crapadh ba mhó riamh i stair na heitlíochta[11].

14. I mí an Mheithimh 2020, tháinig ardú beag ar éileamh na bpaisinéirí, ach bhí sé fós i bhfad faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim. Tháinig laghdú 86,5 % ar phaisinéirí in aghaidh an chiliméadair íoctha ar fud an tionscail i gcomparáid le mí an Mheithimh 2019[12].

**Líon na bpaisinéirí aeir[13]**

Paisinéirí in aghaidh an chiliméadair íoctha ar fud an tionscail - RPKanna (billiún in aghaidh na míosa)




15. Tháinig laghdú 75,6 % ar éileamh idirnáisiúnta na bpaisinéirí in 2020 i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 2019. Tháinig laghdú 68,1 % ar an acmhainneacht (arna tomhas i gciliméadair na suíochán atá ar fáil nó ASKanna) agus maidir leis an lódfhachtóir paisinéirí (lena dtomhaistear céatadán an na hacmhainneachta suíochán atá ar fáil agus a líontar le paisinéirí), tháinig laghdú 19,2 pointe céatadáin air go dtí 62,8 %[14].

---

10 Réamhaisnéis Eacnamaíoch - Geimhreadh 2021 https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/economic-performance-and-forecasts/economic-forecasts/winter-2021-economic-forecast-challenging-winter-light-end-tunnel_en

11 ATAG. Eitlíocht: Tuarascáil 2020 ar Thairbhe Trasteorann: https://aviationbenefits.org/media/167186/abbb2020_full.pdf

12 IATA: Anailís ar Mhargadh an Aeir – mí an Mheithimh 2020: https://www.iata.org/en/iata-repository/publications/economic-reports/air-passenger-monthly-analysis---june-20202/

13 Ibid.

14 IATA : https://www.iata.org/en/pressroom/pr/2021-02-03-02/

16. De réir réamhaisnéis dhomhanda na bpaisinéirí ón gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta, tógfaidh sé idir 3 agus 4 bliana ar thionscal na heitlíochta teacht ar ais chuig an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim[15].

17. Go dtí seo, is é an earnáil aerthaistil a bhí faoi chaibidil i gceithre cinn d'iarratais ar thacaíocht CED, agus bhí trí cinn acu sin bunaithe ar dhomhandú a bhaineann le trádáil[16] agus ceann amháin acu bunaithe ar an ngéarchéim eacnamaíoch a d'eascair as paindéim COVID-19[17].

*Na himeachtaí ba chúis leis na hiomarcaíochtaí agus le scor na ngníomhaíochtaí*

18. Na heachtraí as ar tháinig na hiomarcaíochtaí sin, is toradh iad ar an ngéarchéim eacnamaíoch dhomhanda gan choinne a d'eascair as paindéim COVID-19.

19. Tuairiscíonn an Fhionlainn go bhfuil Finnair buailte go dona ag an bpaindéim. Sular bhris ráig COVID-19 amach, bhí staid láidir airgeadais ag Finnair. In 2019, tháinig méadú 9,2 % ar ioncam Finnair, agus bhain sé buaic EUR 3 097 milliún amach, i gcomparáid le EUR 2 836 mhilliún in 2018. Ba é EUR 162,8 milliún san iomlán an toradh oibriúcháin, i gcomparáid le EUR 256,3 milliún in 2018, laghdú 38 %, rud a tháinig as méadú ar chostais breosla, ar ábhair aerárthaí agus ar chostais ollchóirithe.

20. Le deich mbliana anuas, tá méadú suntasach tagtha ar líon na bpaisinéirí in aerfort Helsinki-Vantaa. Idir 2009 agus 2019, tháinig méadú 58 % ar líon na bpaisinéirí, ó 12,6 milliún go dtí 21,9 milliún. Is paisinéirí ar eitiltí idirnáisiúnta a bhí i bhformhór an tráchta paisinéirí: 10,2 milliún in 2009 agus 18,9 milliún in 2019[18]. In 2019, tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí a bhí á n-iompar ag Finnair, méadú 10,3 % go dtí 14 650 400 paisinéir, ar taifead bliantúil nua a bhí ann[19].

21. Ag tús 2020, bhí méadú fós ag teacht ar thrácht paisinéirí ag aerfort Helsinki-Vantaa. I mí Eanáir 2020, tháinig méadú 58 % ar líon na bpaisinéirí a bhí ag dul go dtí an tSín i gcomparáid le mí Eanáir 2019. I mí Feabhra 2020, áfach, tháinig laghdú 73 % ar líon na bpaisinéirí de dheasca na heipidéime. Bhí ar Finnair na heitiltí go léir chuig mórthír na Síne a chur ar ceal amhail ón 6 Feabhra 2020 agus na heitiltí chuig cinn scríbe eile san Áis amhail ón 4 Márta 2020[20]. An 13 Márta 2020, chuir rialtas na Stát Aontaithe srian le taisteal neamhriachtanach go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus dá bhrí sin bhí ar Finnair na heitiltí uile chuig na Stáit Aontaithe a chur ar ceal freisin[21].

22. Na srianta atá i bhfeidhm san Fhionlainn agus i dtíortha cinn scríbe eile, tá difear mór déanta acu d'oibríochtaí Finnair, go háirithe maidir le heitiltí idirnáisiúnta agus eitiltí idir ilchríocha. In Aibreán 2020, scoir an t-aerthrácht ag aerfort Helsinki-Vantaa ina iomláine, nach mór., agus gan ach 1 % den aerthrácht ann agus a bhí in Aibreán 2019 (21 000 paisinéir in mí Aibreáin 2020 i gcomparáid le 1,8 milliún i mí Aibreáin 2019). Sa dara ráithe, agus comparáid á déanamh idir 2020 agus 2019,

---

15 IATA: https://www.iata.org/en/pressroom/pr/2020-07-28-02/

16 EGF/2017/009 FR/Air France, COM(2018) 230; EGF/2013/014 FR Air France, COM(2014) 701 agus EGF/2015/004 IT Alitalia, COM(2015) 397.

17 EGF/2020/004 NL/KLM, COM(2021)226.

18 Tuarascáil bhliantúil Finavia 2019: https://www.finavia.fi/sites/default/files/documents/Tilinpäätös%202019.pdf

19 Tuarascáil bhliantúil Finnair 2019: https://investors.finnair.com/~/media/Files/F/Finnair-IR/documents/en/reports-and-presentation/2020/annual-report-2019.pdf

20 https://news.cision.com/finnair/r/finnair-cancels-all-flights-to-mainland-china-between-february-6-and-february-29--2020--customers-to,c3024652

21 https://news.cision.com/finnair/r/finnair-cancels-flights-to-us-and-delhi,c3057949

tháinig laghdú 92,1 % ar líon na n-eitiltí idir na cinn scríbe atá ag Finnair san Áis agus san Eoraip. Tháinig laghdú 97,5 % ar líon na bpaisinéirí, ó 3,9 milliún go dtí 98 000 paisinéir, agus tháinig laghdú 97.2 % ar líon na bpaisinéirí (ASKanna)[22].

23. Léiríodh i dTuarascáil Bhliantúil Finnair 2020 go raibh laghdú 73,2 % tagtha ar ioncam (ó 3 097,7 milliún go dtí EUR 829,2 milliún), gur tháinig laghdú 76,2 % ar líon na bpaisinéirí (ó 14,7 milliún go dtí 3,5 milliún) agus go raibh caillteanas oibriúcháin EUR 464,5 milliún carntha ag an gcuideachta[23].

24. Bhí ar Finnair a chostais a laghdú chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sin agus rinneadh coigilteas ar eastát réadach, léasú aerárthaí, teicneolaíocht faisnéise (digitiú agus uathoibriú an phróisis chustaiméirí atá aige), costais díolacháin agus dáileacháin, chomh maith le costais riaracháin agus struchtúir chúitimh. Dá bharr sin, tá a bpost caillte ag 1 000 den lucht saothair[24].

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus ar an bhfostaíocht*

25. Is suntasach mar a rannchuidíonn earnáil na heitlíochta le geilleagar na Fionlainne. In 2020, d'fhostaigh an tionscal 42 000 duine (23 000 post díreach agus 19 000 post indíreach) agus ranníoc sé EUR8,8 billiún le OTI na Fionlainne, agus ba é sin 3,2 % den OTI iomlán dá bharr sin[25]. Is í Finnair an aerlíne is mó san Fhionlainn agus mol aici ag aerfort Heilsincí-Vantaa. Ag deireadh 2019, bhí 6 788 bhfostaí ag Finnair agus chuir sé trácht go dtí 132 cheann scríbe[26].

26. Bíonn tionchar tromchúiseach ag na hiomarcaíochtaí in Finnair ar an ngeilleagar náisiúnta. Is é Helsinki-Uusimaa an réigiún NUTS 2 lena mbaineann na hiomarcaíochtaí, mar a bhfuil mol oibriúcháin Finnair. Idir mí Feabhra agus mí Aibreáin 2020, tháinig méadú 22,5 % ar líon na gcuardaitheoirí poist dífhostaithe i réigiún Helsinki-Uusimaa ó 68 016 go 83 340. Ar bhonn bliantúil agus in ainneoin bearta chun fostaíocht a chaomhnú, tháinig méadú 0,8 pointe céatadáin ar an ráta dífhostaíochta i réigiún Helsinki-Uusimaa, ó 6,4 % in 2019 go dtí 7,2 % in 2020[27].

27. In 2020, ba é 7,8 % an ráta dífhostaíochta náisiúnta, i.e. 1,1 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí sé in 2019[28]. Mheas Aireacht Airgeadais na Fionlainne go leanfaidh an ráta dífhostaíochta de bheith ag ardú go dtí 8,2 % in 2021, sula laghdóidh sé go dtí 7,8 % in 2022[29].

---

[22] Tuarascáil bhliantúil Finnair 2020: https://investors.finnair.com/~/media/Files/F/Finnair-IR/documents/en/reports-and-presentation/2020/half-year-2020-report-en.pdf

[23] https://investors.finnair.com/~/media/Files/F/Finnair-IR/documents/en/reports-and-presentation/2021/annual-report-2020.pdf

[24] https://company.finnair.com/en/media/all-releases/news?id=3751510 agus https://www.aviation24.be/airlines/finnair/finnair-targets-100-million-euros-cost-base-reductions-plans-to-reduce-1-000-jobs/

[25] An Grúpa Gníomhaíochta um Aeriompar (ATAG), 'Tairbhe Trasteorann na hEitlíochta': https://aviationbenefits.org/downloads/aviation-benefits-beyond-borders-2020/

[26] Tuarascáil bhliantúil Finavia 2019: https://investors.finnair.com/~/media/Files/F/Finnair-IR/documents/en/reports-and-presentation/2020/annual-report-2019.pdf

[27] Bunachar sonraí staidrimh na Fionlainne https://pxnet2.stat.fi/PXWeb/pxweb/en/StatFin/

[28] https://www.stat.fi/til/tyti/2020/13/tyti_2020_13_2021-03-04_tie_001_en.html

[29] Staidreamh na Fionlainne https://www.stat.fi/til/tyti/2020/09/tyti_2020_09_2020-10-20_tie_001_en.html and https://julkaisut.valtioneuvosto.fi/bitstream/handle/10024/162542/TEM%20työmarkkinaennuste%20syksy%202020.pdf

28. Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an dífhostaíocht de dheasca na géarchéime, beidh sé deacair iar-oibrithe Finnair a athfhostú. Áitíonn údaráis na Fionlainne gur gá treoir agus tacaíocht shaincheaptha maidir le cuardach poist a thabhairt d'oibrithe dífhostaithe, chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú saincheaptha chun cur leis na deiseanna atá acu a bheith athfhostaithe.

**Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe**

*Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

29. As na 508 nduine incháilithe, meastar gurb é 500 an líon oibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt i mbearta CED. Seo a leanas an miondealú a rinneadh ar na hoibrithe iomarcacha sin de réir gnéis, saoránachta agus aoisghrúpa:

| Catagóir | | An líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | |
|---|---|---|---|
| Inscne: | Fir: | 280 | (56,00 %) |
| | Mná: | 220 | (44,00 %) |
| Saoránacht: | saoránaigh den Aontas Eorpach: | 493 | (98,60 %) |
| | daoine nach saoránaigh den Aontas iad: | 7 | (1,40 %) |
| Aoisghrúpa: | 15 bliana - 24 bliana: | 19 | (3,80 %) |
| | 25 bliana - 29 mbliana: | 28 | (5,60 %) |
| | 30 bliain - 54 bliana: | 312 | (62,40 %) |
| | 55 bliana - 64 bliana: | 141 | (28,20 %) |
| | os cionn 64 bliana: | 0 | (0,00 %) |

*Incháilitheacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe*

30. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas i gceist leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthrófar d'oibrithe iomarcacha:

– Cóitseáil agus bearta ullmhúcháin eile. Ar na bearta atá i gceist tá iad seo a leanas: 1) Measúnuithe saineolaithe ar inniúlachtaí gairmiúla an chuardaitheora poist agus na riachtanais le haghaidh na seirbhísí; 2) Measúnú ar inniúlachtaí chun rannpháirtithe a liostú de réir a n-inniúlachtaí agus a n-ionchas fostaíochta; 3) Oiliúint i gcuardach poist agus faisnéis faoin margadh saothair; 4) Dianchóitseáil gairme agus aonair chun tacaíocht agus treoir a thabhairt do rannpháirtithe i gcuardach fostaíochta.

– Seirbhísí fostaíochta agus gnó. Leis an mbeart seo, cuirfear gairmthreoir agus treoir ar fáil maidir le cuardach poist, comhairleoireacht, meastóireachtaí ar chumas oibre agus tairiscintí trialach. Eagrófar imeachtaí earcaíochta agus faisnéise freisin.

– Oiliúint. Cuirfidh sé seo clár saincheaptha ar fáil dar teideal 'Tuilleadh Oideachais le Cuideachtaí (F.E.C.)[30]', clár a d'fhorbair údaráis na Fionlainne a bhfuil sé d'aidhm aige iarrthóirí poist agus cuideachtaí ar mian leo daoine a earcú a thabhairt le chéile. Cuirfear oiliúint i gcáilíochtaí gairmiúla ar na rannpháirtithe freisin, lena n-áirítear cúrsaí amhail forbairt gnólachta, oiliúint feidhmiúcháin, acmhainní daonna, díolachán agus margaíocht, intleacht shaorga (A.I.), slándáil dhigiteach, róbataic, bainistiú airgeadais, bainistiú tionscadal, etc.

– Fóirdheontas pá. Leis an mbeart seo, tacófar le fostaíocht i bpost nua, trí na costais phárolla a laghdú. 30-50 % de na costais phárolla a bheidh san fhóirdheontas pá agus íocfar é leis an bhfostóir. Braitheann méid agus fad an fhóirdheontais ar fhad na tréimhse dífhostaíochta.

– Deontas le haghaidh gnólacht nuathionscanta. Is é cuspóir an deontais cruthú gníomhaíochta gnó agus fostaíocht daoine aonair a chur chun cinn. Leis an deontas le haghaidh gnólacht nuathionscanta, áirithítear go bhfuil ioncam ag daoine óga atá ag iarraidh gnólacht a bhunú le linn na tréimhse a mheastar a bheidh ag teastáil chun gnólacht lánaimseartha a sheoladh agus a bhunú, tréimhse suas le 12 mhí ar a mhéad.

– Féadfar liúntais taistil, cóiríochta agus aistrithe a dheonú chun caiteachas a bhaineann le caiteachas a thabhaítear le linn cuardaithe poist nó oiliúna a chlúdach.

31. Is éard atá sna bearta atá beartaithe a shonraítear anseo, bearta gníomhacha i leith an mhargaidh saothair de réir na ngníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha i leith cosaint shóisialta.

32. Sholáthair an Fhionlainn an fhaisnéis a theastaíonn maidir leis na gníomhaíochtaí a cheanglaítear ar an bhfiontar lena mbaineann de réir an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh sí nach ndéanfar ranníocaíocht airgeadais ó CED a chur in ionad na ngníomhaíochtaí sin.

*Buiséad measta*

33. Is é EUR 2 920 600 na costais mheasta iomlána, a chuimsíonn caiteachas EUR 2 730 600 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 190 000 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

34. Is é EUR 1 752 360 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ó CED.

| Gníomhaíochtaí | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[31] | Costais mheasta iomlána *(EUR)*[32] |
|---|---|---|---|

[30] https://www.aaltopro.fi/en/services-in-change-situations/f.e.c.-programs-and-recruitment

[31] Chun deachúlacha a sheachaint, slánaítear na meánchostais mheasta in aghaidh an rannpháirtí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Fhionlainn isteach.

[32] Ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile i ngeall ar an slánú.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(a) agus (c) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Cóitseáil agus bearta ullmhúcháin eile | 450 | 1 556 | 700 000 |
| Seirbhísí fostaíochta agus gnó | 500 | 400 | 200 000 |
| Oiliúint | 300 | 4 333 | 1 300 000 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 2 200 000<br>(80,57 %) |
| Liúntais agus dreasachtaí (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Fóirdheontas pá | 60 | 6 000 | 360 000 |
| Liúntais taistil, chóiríochta agus aistrithe | 25 | 200 | 5 000 |
| Deontas le haghaidh gnólacht nuathionscanta | 20 | 8 280 | 165 600 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe: | – | | 530 600<br>(19,43 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(4) den Rialachán maidir le CED | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 0 |
| 2. Bainistíocht | – | | 160 000 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 15 000 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 15 000 |
| Fo-iomlán (c):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 190 000<br>(6,51 %) |
| Costais iomlána (a + b + c): | – | | 2 920 600 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 % de na costais iomlána) | – | | 1 752 360 |

35. Costais na ngníomhaíochtaí a shainaithnítear sa tábla thuas mar ghníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED, ní mó iad ná 35 % de na costais iomlána le haghaidh an phacáiste chomhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Fhionlainn go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na dtairbhithe spriocdhírithe i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist nó le hoiliúint.

36. Dheimhnigh an Fhionlainn nach n-imeoidh costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ag fostaithe thar EUR 15 000 in aghaidh an tairbhí.

*Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais*

37. An 21 Deireadh Fómhair 2020, chuir an Fhionlainn tús leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe spriocdhírithe. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na gníomhaíochtaí, beidh sé incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 21 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Nollaig 2022.

38. An 21 Deireadh Fómhair 2020, thosaigh an Fhionlainn ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 21 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais*

39. Is í an tseirbhís fostaíochta phoiblí sa bhrainse riaracháin d'Aireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta (MEAE) an fhoinse réamh-mhaoinithe náisiúnta nó cómhaoinithe náisiúnta. Ina theannta sin, maoineofar roinnt seirbhísí ó chaiteachas oibriúcháin na Lárionad um Fhorbairt Eacnamaíoch, Iompar agus Comhshaol (Ionaid ELY) agus ó na hOifigí um Fhostaíocht agus Forbairt Eacnamaíoch (Oifigí TE).

40. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thuas agus atá ag fáil ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Fhionlainn nach bhfaighidís ranníocaíochtaí airgeadais freisin ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais Eorpaigh[33].

*Nósanna imeachta um dhul i gcomhairle leis na tairbhithe spriocdhírithe nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

41. Tá sé tugtha le fios ag an bhFionlainn gur cuireadh an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe le chéile i gcomhairle le meitheal. Mar chuid de na gníomhaíochtaí ullmhúcháin bhí cruinnithe le hionadaithe ó na hIonaid um Fhorbairt Eacnamaíoch, Iompar agus Comhshaol agus oifigí TE de chuid Uusimaa, Finnair agus Ceardchumann, eadhon Ilmailualan Unioni (IAU), Finnairin insinöörit ja ylemmät toimihenkilöt (FINTO), Auto ja Kuljetusalan Työntekijäliitto ry (AKT) agus Trade Union Pro.

**Córais bhainistithe agus rialaithe**

42. Déantar cur síos san iarratas ar an gcóras bainistithe agus rialaithe lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí atá rannpháirteach. Tá fógra tugtha ag an bhFionlainn don Choimisiún go mbainisteoidh Aireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta an ranníocaíocht airgeadais, aireacht a ghníomhaíonn mar údarás bainistíochta agus deimhniúcháin le haghaidh CED agus mar chomhlacht idirmheánach a dháileann cistí CED. Tá feidhmeanna bainistíochta le haghaidh CED sannta do Roinn na Réigiún agus na Seirbhísí Fáis, roinn a ghníomhaíonn freisin mar

[33] An 18 Bealtaine 2020, d'fhormheas an Coimisiún Eorpach beart cabhrach ón bhFionlainn arb éard a bhí ann ráthaíocht Stáit ar iasacht EUR 600 milliún a tugadh do Finnair chun tionchar eacnamaíoch ráig an choróinvíris ar an gcuideachta a mhaolú. https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_20_1032

údarás bainistíochta le haghaidh Chiste Sóisialta na hEorpa. Tá na hIonaid um Fhorbairt Eacnamaíoch, Iompar agus Comhshaol (Ionaid ELY) i gceannas ar chur chun feidhme na mbeart a mhaoinítear ó CED.

43. Maidir le ról an údaráis deimhniúcháin, is é an tAonad um Acmhainní Daonna agus Riaracháin a thugann an fhreagracht sin orthu féin. Maidir le hiniúchóireacht, is é an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí neamhspleách an comhlacht atá freagrach, comhlacht a fheidhmíonn faoi Rúnaí Buan Aireachta na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta.

**Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

44. Thug an Fhionlainn na dearbhuithe uile a theastaíonn maidir leis na nithe seo a leanas:

- cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú maidir le rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin,
- comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,
- maidir le Finnair , a lean lena ghníomhaíochtaí tar éis dó na daoine lena mbaineann a chur ar iomarcaíocht, rinne sé a chuid oibleagáidí dlíthiúla lena rialaítear na hiomarcaíochtaí a chomhlíonadh agus riar sé dá chuid oibrithe dá réir,
- ní bhfaighidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe tacaíocht airgeadais ó chistí eile nó ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais agus coiscfear aon mhaoiniú dúbailte,
- beidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag teacht le gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis na Cistí Struchtúracha,
- comhlíonfaidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

**Togra buiséadach**

45. Ní sháróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (praghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027[34].

46. Tar éis don Choimisiún an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) den Rialachán maidir le CED, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe aige CED EUR 1 752 360 a shlógadh, arb é 60 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe é, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an iarratais.

47. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos i bpointe 9 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na

[34] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 15.

hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le tabhairt isteach acmhainní dílse nua[35].

**Gníomhartha gaolmhara**

48. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh EUR 1 752 360 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

49. An tráth céanna a ghlacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinneadh a thiocfaidh i bhfeidhm ar an dáta a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh atá beartaithe maidir le CED a shlógadh.

[35] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 29.

2021/116 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh tar éis iarratas ón bhFionlainn – EGF/2020/007 FI/Finnair**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[36], agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le tabhairt isteach acmhainní dílse nua[37], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála ar fud an domhain de thoradh an domhandaithe, nó de bhrí gur lean an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch ar aghaidh, nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch eile, agus cabhrú le hath-imeascadh na n- oibrithe sin sa mhargadh saothair.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (praghsanna 2018) faoi mar a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[38].

(3) An 30 Nollaig 2020, chuir an Fhionlainn iarratas isteach chun CED a shlógadh, i leith iomarcaíochtaí in Finnair Oyj agus i bhfochonraitheoir amháin san Fhionlainn. Mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, bhí faisnéis bhreise a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013. Comhlíontar san iarratas sin na ceanglais chun ranníocaíocht airgeadais ó CED a shocrú, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 752 360 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Fhionlainn isteach.

---

36 IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.

37 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 29.

38 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an bhfad ama a thógfaidh sé CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ón dáta a ghlacfar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2021, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh chun méid EUR 1 752 360 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*][*]

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán* *An tUachtarán*

[*] An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilsítear san IO é.